

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

BHLÁTHAIGH SÉ i MEASC NA MÁISTRÍ

Gary Sice

Le Liam de Lása

Chuir roinnt againn fáilte mhór chroíúil roimh athoscailt na bpáirceanna agus filleadh na gcluichí Gaelacha ó d'fhógair an t-iar-Thaoiseach Leo Varadkar go mbeadh maolú ag teacht ar na srianta a bhain leo tamall ó shin. Ní luaithe a bhí na focail as a bhéal aige ar ndóigh ná gur thosaigh an t-allagar agus an cáiseamh faoina laghad ama a thabharfar do chlubanna CLG a gcomórtais a chur i gcrích. Cé a dúirt go raibh an domhan athraithe?

Leanfar leis an argóint isteach sa bhliain agus níos faide anonn ach tá radharc soiléir ón dá thaobh ag Gary Sice, iar-imreoir peile na Gaillimhe. Tá scéal uathúil le hinsint ag Sice i gcomhthéacs na hargóinte thuas toisc gur mhó aithne a chuireamar air i ngeansaí na foirne áitiúla ná na blianta fada a thug sé ag imirt don bhfoireann eadar-chontae. Ar shlí léiríonn sé dúinn nach bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir imreoirí club agus contae. Is iad na himreoirí céanna iad ag deireadh an lae.

D'fhoghlaim sé a cheird i gColáiste Naomh Iarfhlaith i dteannta imreoirí ar nós Michael Meehan, bhláthaigh sé i measc na máistrí agus bhualadar Corn Uí Ógáin in 2002. Bheadh cuid acu le feiscint i ngeansaí na Gaillimhe go luath ina dhiaidh sin agus bhí foireann óg an iarthair ag tarraingt aird na tíre orthu féin sular bhualadar an Chraobh faoi 21 in 2005. Bhíothas ag súil leis go mbeadh go leor tallainne sa tobar acu le go n-ardóidís Corn Mhic Uidhir tar éis an bhua sin ach ní mar is fearr le duine a bhíonn an scéal i gcónaí.

Chaith sé deich mbliana ag imirt d'fhoireann sinsir na dTreabh agus in ainneoin nár leag sé lámh ar an gcaillís naofa, chríochnaigh sé le dhá Chraobh Chonnacht agus ardmholadh tugtha ó chian is ó chongar dó de bharr a chumais nádúrtha os comhair na gcuailí. Tréith a bhí ag dul i léig go mór sa chluiche le linn an achair sin.

Bhí Sice ar a sháimhín só ag deireadh na bliana 2017 ag baint suilt as mí na meala tar éis seirbhís iontach a thabhairt dá chontae thar na blianta. Shamhlófá go mbeadh laethanta boga faoi theas na gréine roimhe ach ní raibh na feachtais chrua uailmhianacha go dtí Páirc an Chrócaigh ach ina dtús. Is beag foireann idir-chlub atá inchurtha le Cora Finne le deich mbliana anuas. Ceithre Chraobh uile-Éireann a bhualadar in achar sé bliana. Nuair a chuirtear fad an tséasúir chlub san áireamh faighimid léargas as cuimse ar an éacht san.

Más léiriú eile atá uainn ar ról Gary Sice sa togra ní chaithimid ach súil siar a thabhairt go dtí cluiche ceannais contae na Gaillimhe 2019. Bhí laochra Chora Finne ar a gcosa deiridh de réir dealraimh, agus Réalta Thuama gafa dhá chúilín chun cinn in am cúitímh gortuithe nuair a sheas sé os cionn dhá chic shaora dhéanacha in uair na cinniúna chun na foirne a tharraingt ar comhscór. D'éalaigh Sice agus a chomhleacaithe agus ní thiocthadh stad leo go dtí Eanáir na bliana seo nuair a thugadar Corn Uí Mhuireagáin leo thar teorainn den chúigiú huair.

"The best is yet to come" a dúirt Críostóir Ó Rinn agus dheimhnigh an stair dúinn go raibh an ceart ar fad aige. Níl aon ghlúin inchurtha leis an nglúin a chuaigh roimpi mar is i dtreise a bhíonn ár saíneolas ag dul ó thaobh taicticí, múnlaí imeartha agus aistí bídh mar shampla.



Buíochas le Sportsfile

Níl aon dabht ach go bhféachfaimid siar ar an tréimhse ó chasadh an chéid ar aghaidh sa pheil ach go háirithe mar ré an chosantóra. Ré inar fágadh an t-imreoir nádúrtha in áit na leathphingine d'fhonn na rísheoda a thabhairt slán. Ní dhéanfar dearúd riamh go dtug Gary Sice droim láimhe do thuairim na coitiantachta, is é sin go ndéanfaí slad orthu dá leanfaidís ag imeacht ar an ionsaí ró-mhinic. Thuig sé a thallann féin, agus thuig sé go bhféadfadh sé scóranna a aimsiú ón dá chos agus lean sé leis á dhéanamh beag beann ar an éabhlóid i dtreo na cosanta. Go lom díreach, theip glan ar chórais chosanta ár linne Gary Sice a chur fé smacht. Ní dhéanfaidh na leabhair staire dearúd air sin.

Srianta - Restrictions
Idirdhealú- Differentiation
Tobar- Well
Naofa - Sacred
A sháimhín só - A Shuaimhneas
Uailmhianach- Ambitious

Saineolas -Expertise
Meabhairshláinte - Mental Health
Lom- Bare/Blunt
Droim láimhe - Neamhaird
Slad - Scrois
Inchurtha- Comparable

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

A	S	L	A	D	H	R	A	D	H	A	R	C	A
A	N	L	C	T	A	H	T	R	U	H	C	N	I
A	S	T	H	R	I	G	A	D	I	I	T	I	R
R	A	B	O	T	A	A	R	H	A	N	B	L	N
H	C	A	E	S	I	O	A	T	I	A	D	M	A
B	H	M	T	M	S	H	A	A	S	D	O	R	O
S	S	O	N	H	R	I	S	M	R	U	N	D	M
N	R	L	I	A	R	O	E	I	I	R	L	L	H
T	I	A	S	D	C	E	E	O	A	C	L	T	U
T	A	D	N	A	R	C	D	T	H	E	I	P	T
S	N	H	I	A	L	L	A	M	A	T	N	T	N
M	T	T	E	C	I	S	I	S	T	L	O	M	O
T	A	T	R	E	I	B	H	N	A	I	R	G	A
D	O	I	D	H	O	A	I	A	R	T	H	A	R

COSAIN
INCHURTHA
SICE
TAOISEACH
TAMALL
SRIANTA
TREIBH
NAOMH
GRIAN
IARTHAR
SLAD
INSINT
THEIP
MOLADH
AIRD
CEIRD
LOM
SULT
TOBAR
RADHARC